Socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích le haghaidh chohórt scoláirí 2018–2021 (scoláirí sa Tríú Bliain in 2020/2021)

Meán Fómhair 2020

Cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí in 2019/20 mar gheall gur dúnadh scoileanna chun srian a chur le paindéim COVID-19. In ainneoin iarrachtaí móra na múinteoirí agus na scoileanna chun tionchar na scolaíochta trína chéile a mhaolú, fuair scoláirí taithí éagsúil ar an bhfoghlaim. Mar gheall air sin, d'fhéadfadh dúshlán míchothrom agus díréireach a bheith os comhair scoileanna agus scoláirí a bheidh sa tríú bliain i mbliana toisc go mbeadh Measúnuithe Rangbhunaithe ón mbliain acadúil 2019/20 mar aon le Measúnuithe Rangbhunaithe ón mbliain acadúil 2020/21 le cur i gcrích acu le linn na scoilbhliana seo. Beidh na socruithe measúnaithe seo a leanas i bhfeidhm anois le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe:

- athraíodh an riachtanas a bhaineann le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích don chohórt scoláirí seo (lucht an tríú bliain). Sna himthosca eisceachtúla atá ann toisc gur dúnadh na scoileanna, ní bheidh ach Measúnú Rangbhunaithe amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar seachas an dá cheann a bhíonn le déanamh de ghnáth i ngach ábhar. Ní bheidh Tascanna Measúnaithe le déanamh ag an gcohórt scoláirí seo.
- roghnóidh lucht bainistíochta agus múinteoirí na scoile, agus iad ag plé na ceiste leis na scoláirí nuair is féidir é, an Measúnú Rangbhunaithe a bheidh le cur i gcrích le haghaidh gach ábhair. Mar sin féin, beidh roinnt eisceachtaí ag baint leis an rogha sin:
    - chun a chinntiú go ndéanfar measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal, ní mór do na scoláirí **MRB 2: Tasc Cumarsáideach sa Ghaeilge agus MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal sna Nuatheangacha Iasachta** a dhéanamh
    - toisc go bhfuil siad ceangailte i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, **caithfidh** na scoláirí atá i mbun staidéir ar **Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile**, agus **Ceol MRB 2 a dhéanamh**.
- athrófar leagan amach Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le haghaidh 2021 chun na socruithe athbhreithnithe le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur san áireamh.

Cé gur freagairt iad na socruithe sonracha sin do Mheasúnuithe Rangbhunaithe ar dhúshlán ar leith, tá sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a dhéanamh freisin: féinriar scoile a spreagadh agus cinntí teagaisc agus foghlama a rinneadh ar leibhéal na scoile le linn dhúnadh na scoile a aithint; líon na Measúnú Rangbhunaithe atá le sceidealú ag scoileanna agus atá le críochnú sa scoilbhliain seo a laghdú; a chinntiú, a oiread is féidir, gur féidir Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnaigh an scoláire sa bhliain acadúil 2019/20 a aithint agus tuairisciú a dhéanamh orthu i PGSS an scoláire; agus líon foriomlán na Measúnuithe Rangbhunaithe atá le déanamh a laghdú agus mar sin, ró-mheasúnú ar an scoláire tríú bliain a mhaolú.

Dátaí tábhachtacha do na Measúnuithe Rangbhunaithe in 2020/2021

Tá an t-achar ama inar féidir le scoileanna Measúnuithe Rangbhunaithe agus cruinnithe AFMÁ a dhéanamh le fáil thíos. Ba cheart na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa tréimhse a shanntar (e.g. trí seachtaine, ceithre seachtaine) mar a shonraítear sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar. Ba cheart an cruinniú AFMÁ a reáchtáil tráth nach déanaí ná mí tar éis an Measúnú Rangbhunaithe a chríochnú, cé is moite de AFMÁnna d'obair scoláirí ó Mheasúnuithe Rangbhunaithe a cuireadh i gcrích le linn dhúnadh na scoileanna agus nár reáchtáladh fós. Féadfar dátaí tábhachtacha le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe a athrú nuair is gá, toisc cúinsí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i scoileanna mar gheall ar COVID-19.

Cohórt Scoláirí 2018–2021 (scoláirí an tríú bliain)

Measúnú Rangbhunaithe 2 san Amharc-ealaín (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 20 Samhain 2020
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 27 Samhain 2020
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 4 Nollaig 2020

Measúnú Rangbhunaithe 1 sna Nuatheangacha Iasachta (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 4 Nollaig 2020
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 11 Nollaig 2020
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 18 Nollaig 2020

Rogha de Mheasúnú Rangbhunaithe 1 nó 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 12 Márta 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 19 Márta 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 26 Márta 2021

Measúnú Rangbhunaithe 2 i nGaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 12 Márta 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 19 Márta 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 26 Márta 2021

Cohórt Scoláirí 2019–2022 (scoláirí an dara bliain)

Measúnú Rangbhunaithe 1 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta, Amharc-ealaín, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile

Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích	Dé Luain, 2 Samhain 2020 – Dé hAoine, 14 Bealtaine 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, 19 Bealtaine 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Céadaoin, 26 Bealtaine 2021

Measúnú Rangbhunaithe 1 i dTeicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic, Teicneolaíocht Adhmaid, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach, Clasaicí

Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích	Dé Céadaoin, 6 Eanáir – Dé hAoine, 14 Bealtaine 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, 19 Bealtaine 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Céadaoin, 26 Bealtaine 2021

Nótaí maidir le: Measúnuithe Rangbhunaithe sa scoilbhliain 2020–2021

Déanann na scoláirí sa dara agus sa tríú bliain Measúnuithe Rangbhunaithe le tacaíocht agus treoir óna múinteoirí. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi na formáidí, faoi na topaicí agus faoin tréimhse ama chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú i ngach ábhar agus gearrchúrsa sna Treoirlínte ábhartha don Mheasúnú Rangbhunaithe, atá ar fáil ar https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/?lang=ga-ie Cé gur ceapadh Measúnuithe Rangbhunaithe le bheith ar siúl faoi threoir an mhúinteora i gcomhthéacs an tseomra ranga, tá solúbthacht ag scoileanna sa scoilbhliain 2020/21, i bhfianaise cúinsí athraitheacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, chun tacú leis an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh ar scoil agus/nó go cianda.

Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- i gcomhthéacs filleadh iomlán ar scoil, mar a rinneadh roimhe seo, déanann an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe go príomha le linn am ranga, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir
- ba cheart go dtreoródh a bhfuil praiticiúil agus sábháilte ag an am de réir na comhairle sláinte poiblí an rogha gníomhaíochtaí agus topaicí do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- is féidir éascú a dhéanamh do scoláirí nach féidir leo freastal ar scoil mar gheall ar chúinsí a éiríonn as COVID-19 chun go mbeidh siad in ann an taighde a dhéanamh ar an Measúnú Rangbhunaithe, é a chruthú agus a chríochnú go cianda, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir

- d’fhéadfadh go mbeadh gá le coigeartuithe a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann scoileanna Measúnuithe Rangbhunaithe agus/nó ar an tacaíocht ó theicneolaíochtaí digiteacha, i gcomhréir le beartas na scoile um chosaint leanaí, beartas úsáide inghlactha agus beartas RGCS na scoileanna.

- Oibreoidh CNCM le múinteoirí agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ar bhonn leanúnach chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt agus chun comhairle ó mhúinteoirí a thiomsú, maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a oiriúnú do na cúinsí reatha

- toisc gur cuid lárnach den tasc cumarsáide sa **Ghaeilge** (MRB 2) agus sa chumarsáid ó bhéal sna **Nua-Theangacha Iasachta** (MRB 1) í an idirghníomhaíocht idir múinteoirí agus scoláirí, ba cheart don scoláire idirghníomhú leis an múinteoir agus an MRB sin á chur i gcrích. Is féidir uirlisí digiteacha a úsáid chun tacú leis an idirghníomhaíocht sin

- san **Amharc-ealaín**, de ghnáth ní mór MRB amháin a chur i láthair in 3T. Tarscaoiltear an riachtanas sin i gcás scoláirí sa tríú bliain in 2020/21

- sa ghearrchúrsa **Corpoideachais**, caithfidh an scoláire sa tríú bliain in 2020/21 MRB amháin a dhéanamh seachas an dá mheasúnú a dhéantar de ghnáth

- maidir le **Staidéar Gnó**, fanfaidh MRB1 mar thionscadal grúpa le haghaidh scoláirí sa tríú bliain in 2020/2021. I gcás scoláirí sa dara bliain in 2020/2021, beidh MRB1 don Staidéar Gnó ina thuairisc aonair. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Business-Studies/?lang=ga-ie.